II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/2102 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2021

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um Chomhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Nollaig 2016, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le hidirbheartaíocht le Poblacht na hAirméine maidir le comhaontú um chomhlimistéar eitlíochta. Tugadh an idirbheartaíocht i gcrích go rathúil le hinisealacha a chur leis an gComhaontú um Chomhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ("an Comhaontú") an 24 Samhain 2017.

(2) Ní dhéanann síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm sealadach difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú ar bhealach go mbaineann sé leas as an bhféidearthacht atá ann go bhfeidhmeoidh an tAontas a inniúlacht sheachtrach i ndáil le réimsí a chumhdaítear sa Chomhaontú a thagann faoi inniúlacht roinnte a mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach go fóill

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtabharfar i gcrích na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(4) Is iomchuí an nós imeachta a leagan síos a bheidh le leanúint i ndáil leis an seasamh a atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le cinntí an Chomhchoiste faoi Airteagal 27(7) den Chomhaontú a bhaineann le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú um Chomhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú ([1]) sin a thabhairt i gcrích.

([1]) Féach leathanach 17 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 30(4) agus (5) de, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

Airteagal 4

Údaraítear don Choimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle nó lena comhlachtaí ullmhúcháin in am trátha roimh ré, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le cinntí an Chomhchoiste faoi Airteagal 27(7) den Chomhaontú maidir le hathbhreithniú ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, a ghlacadh, a mhéid a bhaineann sé le reachtaíocht an Aontais a áireamh san Iarscríbhinn sin, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. do C. ANTUNES